Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14895/23**

**DENLEG 50**
**AGRILEG 264**
**PESTICIDE 55**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 27 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D089865/3 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh fiprinile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D089865/3.

---

Faoi iamh: D089865/3

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2023/962
(POOL/E4/2023/962/962-EN.docx)
D089865/03
[…](2023) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh fiprinile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh fiprinile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás na substainte gníomhaí fiprinil, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') ag an teorainn chinnidh ábhartha in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 le Rialachán (AE) 2019/1792 ón gCoimisiún[2] tar éis dhul in éag fhormheas na substainte gníomhaí sin.

(2) De bhun Airteagal 6(2) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, cuireadh isteach iarratas ar lamháltais allmhairiúcháin le haghaidh fiprinil a úsáidtear ar chánaí siúcra sa Bhrasaíl agus ar phrátaí sa Bhrasaíl, sna Stáit Aontaithe agus san Úcráin. Luaigh an t-iarratasóir go n-eascródh iarmhair a sháraíonn na MRLanna dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 as úsáidí údaraithe na substainte sin ar bharra den sórt sin sna tíortha sin agus go mbeadh gá le MRLanna ní b'airde chun bacainní trádála agus na barra sin á n-allmhairiú a sheachaint. Ós rud é gur féidir cánaí siúcra agus prátaí a thabhairt mar bheatha d'ainmhithe, mhol an t-iarratasóir roinnt de na MRLanna atá ann cheana le haghaidh fiprinile i dtráchtearraí ainmhithe a ardú.

(3) I gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne an Ballstát lena mbaineann meastóireacht ar an iarratas sin agus cuireadh an tuarascáil mheastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Sa tuarascáil mheastóireachta, rinne an Ballstát measúnú ar an ualach a fhaigheann beostoc ón mbeatha, agus an méid tráchtearraí a tháirgtear ó na barra sin a itheann an beostoc á chur san áireamh, agus mhol sé roinnt de na MRLanna atá ann cheana le haghaidh fiprinile i dtráchtearraí ainmhithe a ardú.

(4) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') measúnú ar an iarratas agus ar an tuarascáil mheastóireachta. Rinne sé scrúdú faoi leith ar na rioscaí

[1] IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

[2] Rialachán (AE) 2019/1792 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhair le haghaidh aimiotróil, fiprinile, flúipiorsulfúrón-meitile, iomasasulfúróin, iseaprótúróin, ortasulfamúróin agus trí-asulfúróin i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 277, 29.10.2019, lch. 66).

atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe, agus thug sé tuairim réasúnaithe faoi na MRLanna atá beartaithe[3]. Chuir sé an tuairim sin uaidh ar aghaidh chuig an iarratasóir, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal í.

(5) Sa tuairim réasúnaithe uaidh, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár leor na sonraí a chuir an t-iarratasóir isteach maidir le fiprinil i bprátaí chun MRL nua a shocrú. A mhéid a bhaineann leis an modhnú ar an MRL le haghaidh fiprinile i gcánaí siúcra, i saill bhuaibheach, i saill caorach agus i saill gabhar a d'iarr an t-iarratasóir, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur comhlíonadh na ceanglais sonraí uile agus go raibh na modhnuithe sin inghlactha maidir le sábháilteacht tomhaltóirí ar bhonn measúnú ar theagmháil tomhaltóirí i gcás 27 ngrúpa tomhaltóirí Eorpacha shonracha. Chuir an tÚdarás san áireamh an fhaisnéis is déanaí maidir le hairíonna tocsaineolaíocha na substainte. Le teagmháil ar feadh an tsaoil leis an tsubstaint sin trí chaitheamh na dtáirgí bia go léir a bhféadfadh sí a bheith iontu, agus le teagmháil ghearrthéarmach trí go leor de na táirgí lena mbaineann a chaitheamh, léiríodh nach bhfuil baol ann go sárófaí an iontógáil laethúil inghlactha ná an ghéardháileog thagartha.

(6) Ar bhonn na tuairime réasúnaithe ón Údarás, agus na tosca ábhartha a liostaítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh, thángthas ar an gconclúid go bhfuil an modhnú atá beartaithe ar an MRL inghlactha.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*

[3] *Reasoned opinion on the setting of import tolerances for fipronil in potatoes, sugar canes and commodities of animal origin* [Tuairim réasúnaithe maidir le lamháltas allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh fiprinile i bprátaí, cánaí siúcra agus tráchtearraí de bhunadh ainmhíoch]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023;21(4):7931.